**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

*An Ardteistiméireacht Fheidhmeach, 2011*

# Speisialachas Gairmiúil – Innealtóireacht
## (240 marc)

Dé Luain, 13 Meitheamh, 2011

Maidin 9:30 – 11:00

***Treoirlínte Ginearálta d'Iarrthóirí***

1. Scríobh do **scrúduimhir** sa spás seo.
2. Freagair **gach** ceist as Roinn 1.
3. Freagair **trí cheist ar bith** as Roinn 2.
4. Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh agus bíodh sceitsí san áireamh de réir mar is cuí.
5. Tabhair suas an páipéar seo i ndeireadh an scrúdaithe.
6. Má thugann tú faoi Cheist 7, freagair **dhá thopaic ar bith**.

| *Don Fheitheoir amháin* | *Don Scrúdaitheoir amháin* | |
|---|---|---|
| *Stampa an Ionaid* | 1. Iomlán na n-iomlán bun leathanaigh | |
| | 2. Iomlán na gceisteanna dícheadaithe ar fad | |
| | 3. An Marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2) | |
| | 4. Bónasmharc don fhreagairt trí Ghaeilge (más cuí) | |
| | 5. An Marc iomlán a bronnadh má bhíonn Bónas Gaeilge i gceist ( 3 + 4) | |
| | Nóta: Ní mór an marc i gcolún 3 (nó colún 5 má bhronntar Bónas Gaeilge) a bheith mar an gcéanna leis an marc iomlán i ndeireadh na scripte. | |

*Roinn 1* **C1.**

## *Roinn 1* (90 Marc)

Freagair **gach ceann** de na **trí cheist**

**45 marc**

Tabhair freagraí gearra ar **chúig cinn déag ar bith** díobh seo a leanas:
(tá cead agat sceitsí a úsáid chun do chuid freagraí a mhíniú)

| CEIST | FREAGRA |
|---|---|
| **(a)** Sainaithin an próiseas ceangail a thaispeántar agus luaigh sampla praiticiúil amháin d'áit inar féidir é a úsáid.  | Próiseas Ceangail ____________<br>Úsáid ____________<br>____________ |
| **(b)** Luaigh fáth a bhfuil clampaí bíse á n-úsáid chun an miotal a choinneáil mar a thaispeántar.  | Fáth ____________<br>____________ |
| **(c)** Ainmnigh ábhar oiriúnach chun an roth cairr a thaispeántar a dhéanamh.  | Ainm an ábhair ____________<br>____________ |
| **(d)** Luaigh réamhchúram sábháilteachta **amháin** ba cheart a chomhlíonadh nuair a bhíonn péint aerosóil á húsáid.  | Réamhchúram sábháilteachta ____________<br>____________<br>____________ |
| **(e)** Mol ábhar oiriúnach a d'fhéadfaí a úsáid chun lann an lomaire faiche a dhéanamh agus luaigh fáth amháin a bhfuil sé oiriúnach.   | Ábhar ____________<br>Fáth ____________<br>____________ |

| CEIST | FREAGRA |
|---|---|

**(f)** Tá Giar **A** ag gluaiseacht sa treo a thaispeántar. Cuir tic sa bhosca ceart chun treo ghiar **B** a thaispeáint.




Cuir tic sa bhosca ceart chun treo ghiar **B** a thaispeáint.

 ☐

 ☐

**(g)** Ainmnigh an cnó speisialta a thaispeántar agus luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann lena úsáid.



Ainm ______________________________

Buntáiste ______________________________

______________________________

**(h)** Cuir tic sa bhosca ceart thall, le cur in iúl cén dá mhiotal a úsáidtear chun an cóimhiotal prás a dhéanamh.




Stán + Luaidhe ☐

Copar + Sinc ☐

Copar + Luaidhe ☐

**(i)** Mol ábhar a bheadh oiriúnach chun suíochán an chairtín a thaispeántar a mhonarú.



Ábhar oiriúnach

______________________________

**(j)** Ainmnigh an fáiscín a thaispeántar agus luaigh úsáid dó.



Ainm ______________________________

Úsáid ______________________________

______________________________

| CEIST | FREAGRA |
|---|---|

**(k)** Ainmnigh ábhar oiriúnach a úsáidtear chun béalmhír **A** an druilire a thaispeántar a dhéanamh, agus luaigh fáth **amháin** le do rogha.

A



Ábhar ______________________________

Fáth ______________________________

______________________________

**(l)** Cuir tic leis an gcineál ceart plaistigh a d'fhéadfaí a úsáid chun gur féidir an píobán a thaispeántar a lúbadh agus teas á úsáid.



Plaisteach teirmithéachtach ☐

Teirmeaplaisteach ☐

**(m)** Ainmnigh an teicníocht cheangail a úsáidtear chun an miotal leatháin tanaí a thaispeántar a cheangal.



Teicníocht cheangail

______________________________

______________________________

**(n)** Ainmnigh an uirlis a thaispeántar agus luaigh úsáid oiriúnach di.



Ainm ______________________________

Úsáid ______________________________

______________________________

**(o)** Ainmnigh an scriú a thaispeántar agus a úsáidtear chun an cuaille a choinneáil go docht sa soicéad.




Ainm an scriú

______________________________

______________________________

| CEIST | FREAGRA |
|---|---|

**(p)** Roghnaigh ábhar oiriúnach le haghaidh chásáil an Aonaid Loingseoireachta Satailíte (GPS) a thaispeántar agus luaigh fáth le do rogha.



Ábhar oiriúnach ______________________

Fáth ______________________

______________________

**(q)** Ainmnigh an uirlis a thaispeántar thíos agus luaigh úsáid a bhaintear aisti.



Ainm na huirlise ______________________

Úsáid ______________________

______________________

______________________

**(r)** Luaigh réamhchúram sábháilteachta **amháin** is cóir a chomhlíonadh nuair a bhíonn an deimheas boird thíos in úsáid.



Réamhchúram sábháilteachta ______________________

______________________

______________________

**(s)** Ainmnigh an píosa trealaimh a thaispeántar agus luaigh úsáid oiriúnach dó.



Ainm ______________________

Úsáid ______________________

______________________

**(t)** Ainmnigh an mheicníocht marcáilte **A** agus luaigh úsáid a bhaintear aisti in obair innealtóireachta.




Ainm ______________________

Úsáid ______________________

______________________

Taispeántar cló pictiúrtha de lampa lasmuigh thíos.
Tarraing an **dá** chló seo a leanas den lampa lasmuigh ar an bpáipéar greille thall:

**(a)** Aghaidhchló sa treo ina bhfuil an tsaighead **A**.

**(b)** Bonnchló a teilgtear ó chló **(a)**.



Nóta: Do gach cearnóg léigh 5 mm.



Críochnaigh an tAghaidhchló



Críochnaigh an Bonnchló

**(a)** Ainmnigh an **dá** phíosa trealaimh a thaispeántar ag **A** agus **B** thíos. Luaigh dhá réamhchúram sábháilteachta ba cheart a chomhlíonadh agus **gach ceann** den **dá** phíosa trealaimh á oibriú.



A



B

**A** - Ainm an trealaimh innealtóireachta

______________________________

Réamhchúram sábháilteachta 1

______________________________

______________________________

Réamhchúram sábháilteachta 2

______________________________

______________________________

**B** - Ainm an trealaimh innealtóireachta

______________________________

Réamhchúram sábháilteachta 1

______________________________

______________________________

Réamhchúram sábháilteachta 2

______________________________

______________________________

**(b)** Taispeánann an léaráid spot-táthaire a úsáidtear go minic chun miotail leatháin a cheangal. Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba cheart do mhic léinn a chomhlíonadh agus an spot-táthaire á úsáid acu.



Réamhchúram sábháilteachta 1______________________

______________________________

Réamhchúram sábháilteachta 2______________________

______________________________

**(c)** Déan cur síos ar **dhá** ghné shábháilteachta **ar bith** ar an meaisín meilte a thaispeántar thíos.



Gné shábháilteachta 1 ________________________________

________________________________________________________

________________________________________________________

________________________________________________________

________________________________________________________

Gné shábháilteachta 2 ________________________________

________________________________________________________

________________________________________________________

________________________________________________________

________________________________________________________

**(d)** Luaigh réamhchúram sábháilteachta **amháin** ba cheart a chomhlíonadh agus an sábh a thaispeántar á úsáid.



Réamhchúram sábháilteachta__________________________

________________________________________________________

**(e)** Bíonn na siombailí sábháilteachta thíos le feiceáil sa seomra Innealtóireachta. Tabhair míniú gairid ar **gach ceann** de na siombailí a thaispeántar.

**A**



**B**



Siombail **A** ________________________________

________________________________________________

Siombail **B** ________________________________

________________________________________________

## *Roinn 2* (150 Marc)

Freagair **trí cheist ar bith**

*Roinn 2* **C4.** **50 marc**

**(a)** Dear, sna spásanna atá ann dó, brac taca oiriúnach chun gur féidir an rothar a thaispeántar a iompar ar chúl na veain campála.

Ba chóir go dtaispeánfaí ar an dearadh **gach ceann** díobh seo a leanas go soiléir:

**(i)** Modh chun an brac taca a cheangal leis an veain champála;
**(ii)** Modh lena chinntiú go gcoinneofar an rothar go daingean sa bhrac taca.

**I nGreille A**, tarraing **dhá sceitse ar a laghad** de smaointe éagsúla a chuir tú san áireamh le haghaidh dhearadh an bhraca taca.

**I nGreille B**, tarraing sceitse den **réiteach deiridh** don bhrac taca.





Ba chóir **dhá sceitse** ar a laghad don bhraca taca a tharraingt thíos **i nGreille A**.

**Greille A – SMAOINTE**

Ba chóir sceitse **den réiteach deiridh** don bhrac taca a tharraingt thíos i **nGreille B**.

**Greille B – RÉITEACH DEIRIDH**

**(b)** **(i)** Mol ábhar oiriúnach chun fráma an bhugaí a mhonarú.

______________________________

**(ii)** Luaigh fáth amháin le do rogha.

______________________________

______________________________

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** a bhfuil an dá roth i dtosach an bhugaí níos lú ná na rothaí taobh thiar.

______________________________

______________________________



**(a)** Taispeántar léaráid thrasghearrtha d'inneall ceithre bhuille thíos. Ainmnigh na páirteanna a bhfuil na lipéid **P**, **Q**, **R** agus **S** orthu agus déan cur síos ar an bhfeidhm atá ag **gach ceann** díobh.




| Páirt | Ainm na Páirte | Feidhm |
|---|---|---|
| | | |
| **P** | | |
| | | |
| | | |
| **Q** | | |
| | | |
| | | |
| **R** | | |
| | | |
| | | |
| **S** | | |
| | | |

**(b)** Ainmnigh an pháirt **A** atá an meicneoir sa léaráid thall a bhaint as an inneall agus luaigh an fheidhm atá ag an bpáirt sin.




Ainm ______________________________

Feidhm ______________________________

______________________________

**(c)** Taispeántar roinnt páirteanna tábhachtacha d'inneall cairr thíos. Ainmnigh na páirteanna a bhfuil na lipéid **U**, **V**, **W** agus **X** orthu agus luaigh an fheidhm atá ag gach páirt díobh.




| Páirt | Ainm na Páirte | Feidhm |
|---|---|---|
| **U** | | |
| **V** | | |
| **W** | | |
| **X** | | |

**(a)** Déan cur síos gairid, sna spásanna thíos, **ar thrí chéim ar bith** i ndéantús an scrolla mhaisithe sa gheata a thaispeántar Is féidir tagairt i do chur síos do mhodh cóireála te **nó** do mhodh cóireála fuar chun an scrolla a fhoirmiú.

*(Úsáid sceitsí de réir mar is cuí.)*



Céim 1 ____________________

Ceim 2 ____________________

Céim 3 ____________________

**(b)** Tá próiseas cruanta á úsáid chun an suaitheantas a thaispeántar thíos á mhaisiú. Déan cur síos gairid, sna spásanna thíos, **ar cheithre** phríomhchéim **ar bith** sa phróiseas chun an dearadh cruanta ar an suaitheantas a dhéanamh.
*(Úsáid sceitsí de réir mar is cuí.)*




Céim 1 ____________________

____________________

____________________

Céim 2 ____________________

____________________

____________________

Céim 3 ____________________

____________________

____________________

Céim 4 ____________________

____________________

____________________

**(c)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba cheart a chomhlíonadh le linn phróiseas an chruanta.

Réamhchúram 1 ____________________

____________________

Réamhchúram 2 ____________________

____________________

# An Modúl Córas

(Áirítear **dhá** thopaic **ar bith** mar mhodúl iomlán)

Freagair **dhá cheann ar bith** as na cúig thopaic seo a leanas.

Topaic (a) – Dearadh Ríomhchuidithe (CAD)

Topaic (b) – Leictreachas

Topaic (c) – Leictreonaic

Topaic (d) – Meicníochtaí

Topaic (e) – Neomataic

**(a)** Taispeántar líníocht CAD de sheinnteoir MP3 thíos. Liostaigh **ceithre** ordú CAD **ar bith** atá riachtanach chun an líníocht a tháirgeadh.



Ordú 1 ______________________________

Ordú 2 ______________________________

Ordú 3 ______________________________

Ordú 4 ______________________________

**(b)** Táirgtear an líníocht thíos le pacáiste CAD. Mínigh an próiseas atá i gceist chun achar a haisteáil ar líníocht CAD.




Próiseas ______________________________

______________________________

______________________________

**(a)** Meaitseáil **gach ceann** de na páirteanna leictreacha a bhfuil lipéad air leis an ainm ceart sa tábla. Tá an chéad cheann déanta mar shampla duit.

| | |
|---|---|
| **A** | **Sreang Neodrach** |
| **B** | **Cábla** |
| **C** | **Sreang Bheo** |
| **D** | **Pionna Talmhaithe** |
| **E** | **Fiús** |
| **F** | **Clampa Cábla** |




**(b)** Taispeántar dhá chineál dhifriúla plocóide. Mínigh cén fáth a mbíonn plocóid trí phionna ag feistí leictreacha áirithe agus plocóid dhá phionna ag feistí eile.





Míniú ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**(c)** Ainmnigh **gach ceann** de na comhbhaill a thaispeántar thíos agus luaigh úsáid oiriúnach do gach ceann díobh.

| | | |
|---|---|---|
|  |  |  |
| Ainm ____________ | Ainm ____________ | Ainm ____________ |
| Úsáid ____________ | Úsáid ____________ | Úsáid ____________ |
| ____________ | ____________ | ____________ |

**(a)** Ainmnigh gach ceann de na comhbhaill a thaispeántar agus luaigh úsáid oiriúnach do **gach ceann** díobh.



Ainm ____________________

Úsáid ____________________

____________________



Ainm ____________________

Úsáid ____________________

____________________



Ainm ____________________

Úsáid ____________________

____________________

**(b)** Ainmnigh an trealamh leictreonach a thaispeántar agus mínigh an fheidhm atá aige.



Ainm

____________________

Feidhm

____________________

____________________

**(c)** Taispeántar bugaí bréagáin leictreonach thíos. Déan cur síos gairid sa spás atá ann dó ar conas a oibríonn an bugaí bréagáin.



Cur síos ____________________

____________________

____________________

____________________

*Roinn 2* **Q7 (d) Meicníochtaí** **25 marc**

**(a)** Taispeánann an léaráid thíos meicníocht chun sábh cumhachta a oibriú. Mínigh conas a oibríonn an mheicníocht.



Míniú ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**(b)** Ainmnigh na **trí** mheicníocht **A**, **B** agus **C** a thaispeántar thíos agus luaigh úsáid **amháin** do gach ceann díobh.

**A**



**B**





**C**

| | Ainm | Úsáid |
|---|---|---|
| Meicníocht **A** | | |
| Meicníocht **B** | | |
| Meicníocht **C** | | |

**(a)** Ainmnigh na comhbhaill neomatacha thíos agus luaigh an fheidhm atá ag **gach** ceann díobh.




| | Ainm | Feidhm |
|---|---|---|
| **P** | | |
| | | |
| **Q** | | |
| | | |
| **R** | | |
| | | |
| **S** | | |
| | | |
| **T** | | |
| | | |

**(b)** Ní mór cleachtais shábháilte oibre a fheidhmiú le córais neomatacha. Luaigh **dhá** shampla de réamhchúraimí sábháilteachta ar leith ba cheart a chomhlíonadh agus duine ag obair le córais neomatacha.

1 ____________________________________________

____________________________________________

2 ____________________________________________

____________________________________________

Leathanach Bán

| Don Scrúdaitheoir amháin | | |
|---|---|---|
| **Ceist** | **Marc** | **Iomlán** |
| **Roinn 1** | | |
| **1** | | |
| **2** | | |
| **3** | | |
| **Roinn 2** | | |
| **4** | | |
| **5** | | |
| **6** | | |
| **7 (a)** | | |
| **7 (b)** | | |
| **7 (c)** | | |
| **7 (d)** | | |
| **7 (e)** | | |
| **Iomlán** | | |

Leathanach Bán